












SuperValu
# Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

# Leabhrán Eolais 2026










Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
SDG CHAMPION
SuperValu

SuperValu Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

# A oibrithe deonacha, a chairde,



Fáilte chuig comórtas Bhailte Slachtmhara SuperValu.

Tá áthas orm Comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2026 a sheoladh. Tá an comórtas ar siúl le hocht mbliana is seasca anuas. Bunaíodh an comórtas den chéad uair in 1958 agus tá sé anois ar cheann de na tionscnaimh inbhuanaithe, comhshaoil agus pobail is aitheanta sa tír.

Sa bhliain 2025, ghlac 929 mbaile agus sráidbhaile páirt sa chomórtas, an líon ba mhó riamh. Ba mhór an onóir dom bualadh le go leor agaibh ag an Searmanas Náisiúnta Bronnta Duaiseanna agus ag imeachtaí eile i mo chéad bhliain mar Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.

Is gluaiseacht phobail speisialta é comórtas na mBailte Slachtmhara. Ní bhaineann a thábhacht leis an gcomórtas a bhuachan amháin - ach le caighdeáin a fheabhsú bliain i ndiaidh bliana, ár mbailte agus ár sráidbhailte a dhéanamh níos tarraingtí, níos beoga agus níos inbhuanaithe le maireachtáil, le hoibriú iontu agus le cuairt a thabhairt orthu.

Leanann comórtas Bhailte Slachtmhara SuperValu ag fás gach bliain mar gheall ar dhíograis oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara.

Tháinig feabhas mór ar an timpeallacht áitiúil mar gheall ar thionscadail faoi stiúir na mBailte Slachtmhara - na spásanna poiblí, na limistéir ghlasa, na sráideanna, na bóithre, na lánaí agus na cosáin. Feicim fianaise air seo gach seachtain agus mé ag taisteal ar fud na tíre, ag tabhairt cuairte ar bhailte agus ar shráidbhailte a aithním mar bhailte a bhfuil coiste tiomnaithe do na Bailte Slachtmhara acu, ceantair i mo chontae féin, Maigh Eo san áireamh.

Mar Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, tugaim tacaíocht láidir na Roinne do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara. Ó bunaíodh mo Roinnse in 2017, cuireadh breis is €12.6 mhilliún i maoiniú deontais ar fáil chun cabhrú le grúpaí na mBailte Slachtmhara ina gcuid iarrachtaí.

Tá grúpaí na mBailte Slachtmhara ríthábhachtach chun tacú le cuspóir an rialtais agus é a fheabhsú chun a chinntiú go bhfuil bailte ina moil inbhuanaithe agus rathúla gníomhaíochta tráchtála agus sóisialta mar a leagtar amach i gclár an Rialtais, sa Bheartas Náisiúnta Forbartha Tuaithe agus sa Bheartas Tosaíochta a Thabhairt do Lár an Bhaile.

Leanann grúpaí na mBailte Slachtmhara Plean Pailneoirí Uile-Éireann agus cuireann siad Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe san áireamh sna tionscadail. Is cúis mhisnigh í seo chun a chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht lárnach sna hiarrachtaí.

Tugann Gradaim Speisialta an Chomórtais gné bhreise do ghrúpaí agus is bealach breise iad chun aird a tharraingt ar thionscadail agus thionscnaimh iontacha ghrúpaí na mBailte Slachtmhara ar fud na tíre. Cuirimid fáilte roimh go leor iar-urraitheoirí na nGradam Speisialta chomh maith le roinnt urraitheoirí nua. Molaim do ghrúpaí iarratas a dhéanamh ar chatagóirí na nGradam Speisialta seo, agus cuireann an dáta deiridh a síneadh am breise ar fáil chun na hiarratais a chomhlánú.

Tugann breis is 30,000 oibrí deonach a gcuid ama, i rith na bliana, chun teacht le chéile chun ár bpobail a dhéanamh níos glaine, níos glaise agus níos beoga dúinn go léir chun taitneamh a bhaint astu. Tuigim an tacaíocht luachmhar a thugann údaráis áitiúla, gnólachtaí áitiúla agus grúpaí pobail eile do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara chomh maith.

Gabhaim buíochas ar leith lenár n-urraitheoir náisiúnta, SuperValu, atá ag déanamh urraíochta ar an gcomórtas le sé bliana is tríocha anuas. Is comhpháirtithe iontacha iad agus táim ag tnúth leis an gcomhpháirtíocht seo a leanúint sna blianta atá le teacht.

Mar fhocal scoir, déanaim comhghairdeas le buaiteoir na bliana seo caite, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma, an baile ba shlachtmhaire in Éirinn in 2025.

Guím gach rath oraibh go léir i gcomórtas 2026. Táim ag súil le hiontrálacha áille na mbailte agus na sráidbhailte a fheiceáil agus bualadh libh ag an searmanas bronnta níos déanaí i mbliana.

Go raibh míle maith agaibh go léir.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**Dara Calleary, T.D.**

An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

# A oibrithe deonacha, a chairde,



A oibrithe deonacha, chairde,

Go raibh maith agaibh as páirt a ghlacadh i mBailte Slachtmhara Supervalu na bliana seo. Má tá sibh ag obair ar bhur gcoiste áitiúil den chéad uair, nó má tá sibh ag glacadh páirt le blianta anuas, is mór againn bhur rannpháirtíocht. Cuireann bhur gcuid ama, fuinnimh agus smaointe beocht sa chomórtas seo ar fud na hÉireann. Múnlaíonn agus feabhsaíonn an tiomantas sin an saol laethúil inár bpobail áitiúla, trí spásanna comhroinnte níos beoga, bród áitiúil níos láidre agus áiteanna atá níos fáiltí do chách.

Leanann Bailte Slachtmhara SuperValu ag fás go mór agus é anois ina 36ú bliain. In 2025, chaith breis is 30,000 oibrí deonach ó 929 gcoiste níos mó ná milliún uair an chloig air. Tá go leor gníomhartha praiticiúla taobh thiar de na huimhreacha seo - crainn a cuireadh, sráideanna a glanadh, múrmhaisiúcháin a péinteáladh - a chuidíonn le bailte agus sráidbhailte a athbheochan agus áiteanna níos fearr a dhéanamh díobh le maireachtáil, le hoibriú iontu agus le cuairt a thabhairt orthu. Le chéile, tá na hiarrachtaí seo mar chuid de cheann de na tionscnaimh inbhuanaitheachta pobal-threoraithe is mó san Eoraip, agus táimid thar a bheith bródúil as tacú leo.

Tacaíonn daoine agus gnólachtaí atá fréamhaithe sna pobail féin leis na gníomhartha áitiúla sin. Le blianta fada anuas, tá ról lárnach ag go leor miondíoltóirí áitiúla SuperValu i mBailte Slachtmhara SuperValu a chur chun cinn ina gceantair. Gabhaim buíochas lenár miondíoltóirí as an tacaíocht agus an treoir leanúnach a sholáthraíonn siad do choistí áitiúla, rud a dhéanann difríocht fhollasach ar an talamh.

Mo chomhghairdeas ó chroí le Corra Droma Rúisc, buaiteoirí foriomlána chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2025. Léiriú ar bhlianta dúthrachta is ea é a n-éacht agus léiríonn sé na rudaí is féidir a bhaint amach nuair a thagann daoine le chéile le fís chomhroinnte dá mbaile. Spreagann rath Chorra Droma Rúisc na coistí eile agus iad ag ullmhú don bhliain atá romhainn.

Gabhaim buíochas chomh maith leis an Aire Calleary agus leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, a bhfuil ról lárnach ag a gceannaireacht agus a dtacaíocht i gcothabháil obair iontach na gcoistí ar fud na tíre. Le chéile, cuidíonn ár gcomhpháirtíocht lena chinntiú gur féidir leis an gcomórtas leanúint ar aghaidh ag forbairt agus tionchar fíor a imirt bliain i ndiaidh bliana.

Ag féachaint chun cinn, tá an inbhuanaitheacht fós i gcroílár SuperValu TidyTowns. Ó bhithéagsúlacht a fheabhsú agus dramhaíl a laghdú go gníomhaíocht aeráide a thacú ar leibhéal áitiúil, tá bhur dtionscadail ag cuidiú le bailte agus sráidbhailte a ullmhú do na glúnta amach anseo. Cabhraíonn gach tionscnamh, is cuma cé chomh beag, le pobail níos láidre, níos acmhainní agus níos rathúla a thógáil.

Tá guthanna nua ag múnlú todhchaí SuperValu TidyTowns freisin, agus mic léinn in aon chéatadán déag de na rannpháirtithe, ceathrú d'oibrithe deonacha faoi bhun cúig bliana is daichead d'aois, agus cúig chéatadán faoin déag a rugadh lasmuigh d'Éirinn. Tugann an comórtas daoine ó gach cúlra le chéile, rud a léiríonn éagsúlacht Éire an lae inniu. Cruthaíonn an meascán seo áiteanna cuimsitheacha a roinneann gach duine atá ina gcónaí iontu.

Le breis agus tríocha bliain, tá Bailte Slachtmhara SuperValu ag athrú leis na háiteanna a dtacaíonn an comórtas leo. Cé gur tháinig athrú ar na dúshláin atá roimh phobail na hÉireann le himeacht ama, fanann an fhreagracht chomhchoiteann chun aire a thabhairt do spásanna comhroinnte agus féiniúlacht áitiúil a neartú. Cuidíonn na rudaí a dhéanann sibh gach bliain lena chinntiú go bhfanann ár mbailte agus ár sráidbhailte bríomhar agus acmhainneach go fadtéarmach.

De réir mar a théann na laethanta chun síneadh agus a mhéadaíonn na gníomhartha, téann an obair atá ar siúl ar fud na tíre ó neart go neart. Is minic gurb iad na torthaí is buaine a bhaineann le Bailte Slachtmhara SuperValu an lúcháir agus an bród a bhaineann le páirt a ghlacadh. Tá súil agam go bhfuil bród oraibh as an difríocht a dhéanann sibh go háitiúil agus as an tionchar dearfach a chruthaíonn bhur gcuid iarrachtaí gach bliain. Thar ceann SuperValu agus ár gcomhpháirtithe miondíola, go raibh maith agaibh as bhur bpaisean, bhur gcruthaitheacht agus bhur ndíograis, agus táim ag tnúth leis na tionscadail spreagúla a chuirfidh sibh beocht iontu in 2026.

Go n-éirí go geal libh.

Luke Hanlon

**Luke Hanlon**

Stiúrthóir Bainistíochta SuperValu agus Centra

# Fáilte

Fáilte chuig comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2026. Cuirfear an t-eolas go léir a theastaíonn uait ar fáil sa leabhrán seo le d'iontráil ar chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2026 a chomhlánú agus a chur ar aghaidh. Cuirfear na téarmaí agus coinníollacha ar fad a bhaineann leis an gcomórtas ar fáil chomh maith. Tá eolas ar fáil sa leabhrán seo freisin ar gach aon cheann de na gradaim speisialta a bhaineann le comórtas na bliana 2026. Is féidir tuilleadh eolais, lena n-áirítear léarscáileanna, grafpháipéar léarscáile agus Lámhleabhar Bailte Slachtmhara SuperValu, a fháil trí chuairt a thabhairt ar **www.tidytowns.ie**.

## AN tSLÍ LE d'FHOIRM IARRATAIS DO CHOMÓRTAS BAILE SLACHTMHARA SUPERVALU 2026 A CHOMHLÁNÚ

Conas foirm iarratais Bhailte Slachtmhara SuperValu 2026 a chomhlíonadh

Is féidir leagan Word den fhoirm iarratais a fháil ar www.tidytowns.ie. Caitear foirm iarratais 2026 a íoslódáil.

Ba chóir an leabhrán seo a léamh sula líontar an fhoirm iarratais. Tá faisnéis úsáideach ag an nasc seo a leanas maidir le conas iarratas ar chomórtas 2026 a líonadh - **https://www.tidytowns.ie/resources/videos-webinars/**

Caitear ábhar soiléir agus gonta a chur san áireamh do na hocht gcatagóir.

Is fiú machnamh a dhéanamh ar mhéid an ábhair a chuirtear isteach – tá am teoranta ag moltóirí chun obair a athbhreithniú le linn an mholtóireachta.

Caitear léarscáil a chur san áireamh. Ba chóir go mbeadh eochair eolais ar gach léarscáil agus go mbeadh sainchomharthaí suntasacha orthu chomh maith le tionscadail 2025. Glactar le léarscáileanna lámhdhéanta.

Léirigh gach tionscadal mar Nua (N) nó Cothabháil (C) ar an bhfoirm iarratais faoin gcatagóir cheart agus ar eochair eolais na léarscáile. Mura bhfuil aon obair nua agat in aon chatagóir moltóireachta, clóscríobh 'ní dhearnadh obair nua i mbliana'. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha ná ábhar breise a seoladh tar éis an dáta deiridh.

### Conas iarratas a chlárú do Chomórtas Bhailte Slachtmhara SuperValu 2026

IS FÉIDIR IARRATAIS A CHLÁRÚ ANOIS AGUS FOIRMEACHA IARRATAIS IOMLÁNA A UASLÓDÁIL AR THAIRSEÁN AR LÍNE AR **https://competition.tidytowns.ie/**

Chuireamar doiciméad Ceisteanna Coitianta ar fáil do gach grúpa maidir le conas iarratas a chlárú do chomórtas Bhailte Slachtmhara SuperValu 2026. Is féidir ceisteanna coitianta a léamh ar ár suíomh gréasáin freisin.

Nuair a dhéantar iarratas, téigh go dtí **https://competition.tidytowns.ie/**, cláraítear sonraí an ghrúpa ar dtús. Ansin, caitear foirm iarratais iomlán agus léarscáil a uaslódáil. Caitear léarscáil a chur san áireamh.

Is féidir faisnéis bhreise a uaslódáil freisin amhail plean 3-5 bliana agus doiciméid bhreise amhail grianghraif. Moltar grianghraif a shábháil i ndoiciméad Word nó PDF sula ndéantar iad a uaslódáil.

Caitear aontú leis na téarmaí agus coinníollacha ansin. Nuair a aontaítear leis na coinníollacha seo, agus a nuair a dhéantar iarratas, taispeántar teachtaireacht ar an scáileán ag fíorú an chlárúcháin.

**Déanfar an suíomh gréasáin https://competition.tidytowns.ie/a nuashonrú go rialta leis na hiarratais a cláraíodh.**

## Dé Luain an 11 Bealtaine 2026 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratas

Ba chóir iarratais iomlána a chlárú ar líne faoi Dé Luain, an 11 Bealtaine 2026
Is féidir ceisteanna faoi conas iarratas a dhéanamh ar chomórtas Bhailte Slachtmhara SuperValu 2026 a sheoladh chuig **TidyTowns@drcdg.gov.ie**




Clúdaíonn na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na trí ghné d'fhorbairt inbhuanaithe; fás eacnamaíoch, cuimsiú sóisialta agus cosaint an chomhshaoil. Tá 17 SDG ann. Tríd an bhfoirm iontrála feicfidh tú cá bhfuil go leor de na haidhmeanna ailínithe leis na catagóirí éagsúla Bailte Slachtmhara. Sainaithin, más infheidhme, faoi gach catagóir ina bhfuil sé mar aidhm ag do thionscadail nó do thionscnaimh aghaidh a thabhairt ar cheann amháin nó níos mó de na haidhmeanna inbhuanaithe.

Tá naisc ag an gcomórtas Bailte Slachtmhara le go leor de na haidhmeanna agus ba mhaith linn fáilte a chur roimh aon iarracht a dhéanann coistí Bailte Slachtmhara aird a tharraingt ar na haidhmeanna sin agus feasacht a mhúscailt ina leith i do phobal. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na SDGanna a fháil trí chuairt a thabhairt **https://www.gov.ie/en/policy-information/ff4201-17-sustainable-development-goals/**

# Bailte Slachtmhara SuperValu - Téarmaí agus Coinníollacha 2026

1. Is ionann na téarmaí agus coinníollacha seo chomh maith leis na treoirlínte a leagtar amach i Lámhleabhar Bailte Slachtmhara SuperValu nó ar Fhoirm Iontrála Bailte Slachtmhara SuperValu agus rialacha an chomórtais ("na Rialacha"). Trí iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas glacann iontrálaithe leis na Rialacha.
2. An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ("an Roinn") a eagraíonn Comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu ("an Comórtas"). Sa chás go mbeadh aon díospóid ann, is é cinneadh na Roinne an cinneadh deiridh.
3. Ní dhéanann an Roinn grúpaí a bhunú nó a reáchtáil. Níl an Roinn freagrach as aon ghníomh dlíthiúil a ghlacann grúpaí a dhéanann iarratas ar an gcomórtas ná as aon tionscadal a dhéanann siad. Ní dhéanann an Roinn ach leathanaigh oifigiúla na Roinne agus na mBailte Slachtmhara a bhainistiú – níl an Roinn freagrach as ábhar ar leathanaigh aonair ghrúpaí na mBailte Slachtmhara.
4. Forchoimeádann an Roinn an ceart gan glacadh le hiarratas ar an gcomórtas má mheastar go bhfuil sé i gcoinne na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach sa leabhrán agus san fhoirm iarratais.
5. Chun iarratas a dhéanamh ar an gComórtas, ní mór gur comhlacht atá a déanamh iarratais thar ceann baile, sráidbhaile, oileán nó ceantair aonair ("baile") an t-iontrálaí agus é a bheith ag obair i dtreo a bheith ionadaíoch ar gach earnáil atá ag cur fúthu nó ag obair sa bhaile.
6. Ní cheadaítear ach iontrálaí amháin in aghaidh gach baile. Sa chás go bhfuil níos mó ná iontrálaí amháin i mbaile, roghnaíodh an Roinn, dá lánrogha féin, iontrálaí amháin díobh le bheith páirteach sa Chomórtas.
7. Ba chóir iontrálacha a dhéanamh ar an mbealach agus faoin dáta deiridh a shonraítear. Ní ghlacfar le hiontrálacha déanacha. Coinnigh an cháipéisíocht tacaíochta chomh achomair agus is féidir go bhfuil an t-am atá ag Moltóirí chun an t-ábhar a athbhreithniú teoranta agus dá bhrí níor cheart ach ábhar a bhaineann leis na tionscadail atá le breithniú a chur ar fáil.
8. Ba chóir iontrálacha a chlárú ar líne ag **https://competition.tidytowns.ie/** faoin dáta deiridh nó roimhe agus níor cheart go mbeadh siad níos mó ná **20MB**.
9. Nuair a chláraíonn tú d'iontráil ag **https://competition.tidytowns.ie/**, taispeánfar teachtaireacht ag deimhniú d'iontrála. Déanfar liosta d'iontrálacha cláraithe a nuashonrú go rialta ar **https://competition.tidytowns.ie/**. Mura bhfuil d'iontráil liostaithe seachtain tar éis an dáta deiridh; déan teagmháil leis an Aonad Bailte Slachtmhara ar **01 7736988/01 5391105**.
10. Eiseofar ríomhphost ó sheoladh ríomhphoist Bailte Slachtmhara na Roinne chuig gach comhfhreagras a fhaightear maidir le hiontrálacha na bliana 2026. Déanfar liosta a uasdátú go rialta ar láithreán gréasáin Bailte Slachtmhara ar a mbeidh na hiontrálacha ar fad a bheidh cláraithe do chomórtas na bliana 2026. Ní mór do gach iarrthóir cuairt a thabhairt ar www.tidytowns.ie chun a chinntiú go bhfuil a n-iontráil do chomórtas na bliana faighte agus cláraithe. Mura mbeidh d'iontráil cláraithe seachtain i ndiaidh an spriocdháta; déan teagmháil le hAonad na mBailte Slachtmhara trí ghlaoch a chur ar an uimhir 01 773 6988, mura ndéantar sin d'fhéadfaí nach mbeadh d'iontráil cláraithe do chomórtas na bliana 2026.
11. Bronntar marcanna ar chaighdeán na foirme iarratais. Ní mór don fhoirm a bheith gonta agus tagairt a dhéanamh go soiléir uirthi do gach obair ar tugadh faoi ó 10th Bealtaine 2025. Maidir le tionscadail nua nó cothabhála, tá sé tábhachtach go dtabharfaí mionsonraí maidir lena suíomh agus chun iad a aithint. Chuige sin, cinntigh le do thoil;

    - Go bhfuil suíomh gach tionscadal ar leith marcáilte ar an léarscáil nuair is cuí. Ní gá go mbainfeadh sé seo le nithe áirithe - obair suirbhé mar shampla.
    - Tabhair cuntas gearr ar an tionscadal agus tabhair mionsonraí oiriúnacha.
    - Tabhair le fios cén uair a thosaigh an obair agus cén uair a chríochnaigh sí, nó i gcás tionscadail leanúnacha nó fadtéarmacha an dáta a mheasfar a thabharfar chun críche iad.

12. **Tá sé riachtanach go mbeadh léarscáil mhaith den bhaile nó den tsráidbhaile le d'iarratas.** Tá glacadh gan amhras le léarscáil ó lámh mura bhfuil teacht ar léarscáil fhoirmeálta priontáilte nó mura bhfuil a leithéid oiriúnach. Ba chóir don léarscáil a bheith inláimhsithe agus de mhéid A4 nó A3 ag brath ar leagan amach do bhaile nó do shráidbhaile. Bíodh gach sráid agus bóthar ar an léarscáil ainmnithe de réir mar is gá agus bíodh foirgnimh phoiblí agus séadchomharthaí marcáilte. Níl sé molta léarscáil Google a úsáid mar nach mbíonn sé soiléir/cruinn go minic. D'fhéadfadh gur mó úsáide a bheadh in Léarscáil 'Áite' Uirbeach (nó Tuaithe mar is infheidhme) de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann. Tá eochair eolais shoiléir ina cuid thábhachtach den léarscáil agus moltar duit eochair eolais a bheith ar bhileog na léarscáile féin. Nuair a bheidh uimhreacha á gcur ar thionscadail, ba chóir duit uimhir a 1 a thabhairt ar do chéad tionscadal faoi Sráid-Dreach & Áiteanna Poiblí, agus ba chóir an tsraith uimhriúil sin a chur i bhfeidhm sna catagóirí ina dhiaidh sin. Níor cheart na huimhreacha céanna a úsáid arís Mura mbeidh léarscáil leordhóthanach ar fáil d'fhéadfaí go gcaillfí marcanna faoin gcatagóir An Pobal – Pleanáil agus Rannpháirtíocht
13. Is féidir gur an-chúnamh iad grianghraif don mholtóir. Is cuidiú mór iad grianghraif a thógfaí roimh an obair agus i ndiaidh na hoibre. Ní mholtar ach dhá grianghraf de gach tionscadal nua a áireamh. Má bhíonn tú ag cur grianghraif san áireamh, molaimid duit iad a chur san áireamh leis an bhfoirm faoin gcatagóir ábhartha nó mar aguisín leis an bhfoirm i gcáipéis WORD, is féidir leat suas le 6 grianghraf a chur ar leathanach A4 go héasca. Cuimhnigh teideal a chur ar gach grianghraf chun go mbeidh a fhios ag an moltóir an tionscadal dá bhfuil sé ag tagairt.
14. Painéal moltóirí arna gceapadh ag an Roinn a roghnóidh buaiteoirí na nduaiseanna. Mura bhfuil a mhalairt ráite, is ar an iontrálaí a bhronnfar na duaiseanna.
15. Scrúdóidh an moltóir tionscadail nua nó tionscadail chothabhála a beidh tugtha chun críche idir an 10th Bealtaine 2025 agus an 11 Beathaine 2026 (spriocdháta an chomórtais). Tosóidh an mholtóireacht 2 seachtain i ndiaidh an spriocdháta.
16. Fógrófar na buaiteoirí i R4 2026 agus bronnfar duaiseanna ar dhátaí arna gcinneadh ag an Roinn. Sa chás go mainnítear glacadh le duais ar an mbealach a shonraíonn an Roinn d'fhéadfaí an duais a tharraingt siar nó buaiteoir eile a roghnú. Forchoimeádann an Roinn an ceart duaiseanna a athrú/a ionadú ag aon am.
17. Ní féidir leis an Roinn freagracht a ghlacadh i leith aon damáiste, caillteanas, díobháil nó díomá a bhainfeadh d'aon iontrálaí a chuirfidh isteach ar an gComórtas nó mar thoradh ar ghlacadh le duais. Níl an Roinn freagrach as duaiseanna a cailleadh/a ndearnadh díobháil dóibh a chur ar fáil an athuair.
18. Ní bhainfear leas as an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil ach chun críocha an Comórtas a eagrú agus a chur chun cinn agus aon tionscnamh bainteach. Roinnfear sonraí teagmhála coistí leis na hurraitheoirí agus leis an gcuideachta clódóireachta ar mhaithe le comhfhreagras poist leis na coistí. Scriosfar na sonraí sin i ndiaidh gach cor poist. Déanfar sonraí teagmhála ó choistí a scriosadh i ndiaidh 3 bliana de réir threoirlínte GDPR.
19. Is ionann príomhdhuaiseanna agus duaiseanna a bhronntar ar iontrálaithe de bhua a scór foriomlán sa Chomórtas, arna measúnú faoi na catagóirí seo a leanas:

    **Struchtúr Marcála Catagóirí**
    - An Pobal-Pleanáil agus Rannpháirtíocht 80
    - Sráid-Dreach & Áiteanna Poiblí 80
    - Áiteanna Glasa & Tírdhreachú 80
    - An Dúlra & An Bhithéagsúlacht i do Cheantar 80
    - Inmharthanacht – Mórán ar an mbeagán 80
    - Slacht & Smacht ar Bhruscar 90
    - Sráideanna a bhfuil Cónaí & Ceantair Tithíochta 55
    - Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí 55

    Iomlán 600
20. Is ionann duaiseanna agus duais airgid agus teastas mura ndeirtear a mhalairt.

21. Bronntar an gradam foriomlán, An Baile is Slachtmhaire in Éirinn ar an iontrálaí leis an scór is airde sa Chomórtas. Chomh maith le duais airgid agus teastas, faigheann an buaiteoir an buanchorn (a chaithfear a thabhairt ar ais ina dhiaidh sin don Roinn arna iarraidh), chomh maith le plaic agus maoiniú i leith lá ceiliúrtha an bhliain ina dhiaidh sin. Tá sé tábhachtach go ndéanfá iarratas faoin gCatagóir Daonra ceart.
22. Bronntar na gradaim An Sráidbhaile is Slachtmhaire, An Sráidbhaile Beag is Slachtmhaire, An Baile Beag is Slachtmhaire, An Baile Mór is Slachtmhaire agus an tIonad Uirbeach Mór is Slachtmhaire ar an iontrálaí leis an scór is airde sna catagóirí daonra A & B, C & D, E & F agus G & H faoi seach. Chomh maith le duais airgid agus teastas, faigheann an buaiteoir buanchorn a chaithfear a thabhairt ar ais ina dhiaidh sin don Roinn arna iarraidh. Tá sé tábhachtach go ndéanfá iarratas faoin gcatagóir daonra ceart.
23. Is seo a leanas na catagóirí daonra;

| **Catagóir Daonra** | **Daonra** |
|---|---|
| A | Faoi 200 |
| B | 201 go 1,000 |
| C | 1,001 go 2,500 |
| D | 2,501 go 5,000 |
| E | 5,001 go 10,000 |
| F | 10,001 go 15,000 |
| G | 15,001 go 25,000 |
| H | 25,001 agus thairis |

24. Bronntar na Gradaim Réigiúnacha ar an iontráil a thagann sa chéad áit i ngach ceann de na réigiúin seo a leanas:

| **Réigiún** | **Contaetha** |
|---|---|
| Lár Tíre & an tOirthear | Baile Átha Cliath, Cill Dara, Laois, An Longfort, Lú, An Mhí, Uíbh Fhailí, An Iarmhí, Cill Mhantáin |
| An tIarthuaisceart & an tIarthar | An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach, Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin |
| Deisceart & Meán-Iarthar | Corcaigh (Thuaidh), Corcaigh (Theas), Corcaigh (Iarthar), Ciarraí, An Clár, Luimneach |
| An tOirdheisceart | Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann (Thuaidh), Tiobraid Árann (Theas), Port Láirge, Loch Garman |

25. Bronntar na Gradaim Contae ar iontrálaithe sa dara agus sa chéad áit i ngach contae, (tá Tiobraid Árann roinnte in dhá chuid Thuaidh agus Theas agus Corcaigh i dtrí chuid Thuaidh, Theas agus Thiar) Bronntar an Gradam Endeavour ar iontrálaí i ngach contae a rinne an céatadán dul chun cinn is mó ar scór na bliana roimhe sin.
26. Bronntar Bonn Óir, Airgid nó Cré-Umha ar iontrálaí le scór atá ag teacht faoi réimse sonrach marcanna ó mharc bhuaiteoir foriomlán an chomórtais mar seo a leanas;

**Ór / Airgead / Cré-umha.**

Daonra A&B laistigh de 10 / Laistigh de 15 / Laistigh de 20

Daonra C&D laistigh de 15 / Laistigh de 20 / Laistigh de 30

Daonra E&F laistigh de 20 / Laistigh de 30 / Laistigh de 40

Daonra G&H laistigh de 25 / Laistigh de 35 / Laistigh de 45

27. D'fhéadfadh go dtiocfadh tionscnaimh eile chun cinn ó am go ham agus déanfaidh an Roinn teagmháil le bailte incháilithe de réir mar is gá.

# Bailte Slachtmhara SuperValu – Gradaim Speisialta 2026

Tá ríméad orainn roinnt urraitheoirí nua a fhógairt faoin gcatagóir Gradaim Speisialta 2026. Tabharfaidh an t-eolas seo a leanas tuiscint duit ar na gradaim éagsúla agus an duais a théann le gach aon cheann díobh. Má bhíonn aon deacrachtaí agat teacht ar fhoirmeacha iarratais d'aon cheann de na gradaim speisialta, déan teagmháil le hAonad na mBailte Slachtmhara trí ríomhphost a sheoladh chuig TidyTowns@drcd.gov.ie nó chuig ríomhphost na n-urraitheoirí a chuirtear ar fáil. Má rinne tú ag déanamh iarratas ar cheann amháin nó níos mó de na Gradaim Speisialta a bhaineann le catagóir Bailte Slachtmhara ba chóir sin a chlárú mar thionscadal ar d'Fhoirm Iontrála Bailte Slachtmhara SuperValu 2026.

**Tabhair do d'aire gur cheart na foirmeacha iontrála comhlánaithe maidir leis na gradaim speisialta éagsúla a sheoladh chuig an ríomhphost a chuirtear ar fáil agus gan iad a sheoladh chuig Aonad na mBailte Slachtmhara.**

**Féach ar shuíomh gréasáin na mBailte Slachtmhara www.TidyTowns.ie do tuilleadh eolais faoi na gradaim seo agus le haghaidh na dátaí deiridh.**

## GRADAIM NA SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

**DUAISCHISTE €6,000**

**Arna n-urrú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide**

Arna n-urrú ag Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Is é aidhm fhoriomlán Ghradaim na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, a n-urraíonn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad, aitheantas a thabhairt don ról a imríonn na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe sa ghnáthshaol laethúil. Is é aidhm na ngradam feasacht a mhúscailt ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus aitheantas a thabhairt do na tairbhí a ghabhann leo ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda mar threoir maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha. Tá sé mar aidhm leo saol cuibhiúil a bhaint amach do chách ar phláinéad sláintiúil faoin mbliain 2030. Tá ríthábhacht ag baint le gníomhartha pobail dearfacha cumasaithe maidir leis an méid sin a bhaint amach.

Bronnfar ceithre dhuais:

1. €2,000 don iontráil is fearr ó shráidbhaile nó ó bhaile beag (Catagóir A go D)
2. €2,000 don iontráil is fearr ó bhaile mór nó ó lárionad uirbeach (Catagóir E go H)
3. Duais is fiú €1,000 don dara hiontráil fhoriomlán is fearr
4. Gradam Óige speisialta is fiú €1,000.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ag **www.gov.ie/sdgs** nó trí ríomhphost a sheoladh chuig **SDGS@decc.gov.ie**

## GLAS-BHEALAÍ & GRADAIM TAISTEAL GNÍOMHACH

**DUAISCHISTE €5,000**

**Urraithe ag an Roinn Iompair**

An Roinn Iompair
Department of Transport

Is ábhar ríméid don Roinn Iompair urraíocht a dhéanamh ar dhá dhuais i gcatagóirí speisialta, ceann amháin do Ghlasbhealaí agus an dara ceann do Thionscadail maidir le Turasóireacht Ghníomhach. Tá buntábhacht le háiseanna siúlóide agus rothaíochta a chur ar fáil sna cathracha, sna bailte móra agus sna sráidbhailte maidir le conairí iompair atá sábháilte áisiúil a chur ar fáil ionas go mbíonn ceangal don lucht coisíochta agus rothaíochta idir na hionaid uirbeacha. Is sócmhainní poiblí na gnéithe bonneagair seo a chuirtear ar fáil ionas gur féidir le daoine iad a úsáid chun tabhairt faoi thurais a bhfuil cuspóirí éagsúla leo – caitheamh aimsire, taisteal chuig an obair agus abhaile, taisteal chun na scoile agus déanamh teachtaireachtaí.

Tugann bealaí den sórt seo deis don phobal scéimhe na háite a léiriú tríd an obair maoirseachta a dhéanann siad. Féachtar leis an gcatagóir speisialta seo le dícheall Ghrúpaí Chomórtas na mBailte Slachtmhara a admháil i mbun gnéithe den bhonneagar foirgníochta a chóiriú leis an sárchleachtas éiceolaíochta chomh maith le cur le sócmhainní phobal na háite.

## GRADAM DO DHAOINE ÓGA I MBAILTE SLACHTMHARA

### DUAISCHISTE €5,000

**Urraithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Gaeltachta**

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

Is ar an aoisghrúpa idir 16 agus 24 atá Gradam na nDaoine Óga dírithe, na daoine óga atá rannpháirteach i dtionscnaimh agus tionscadail ina ngrúpaí Bailte Slachtmhara i rith na bliana. Níl scoileanna ábalta cur isteach air. Ba chóir iontrálacha a sheoladh ar aghaidh ag baint úsáid as an bhfoirm iontrála Gradam na nDaoine Óga.

Is féidir grianghraif a úsáid chun tacú le bhur n-iarratas. Ba cheart d'iarratasóirí ar Ghradam na nDaoine Óga mar a chinntíonn grúpaí Bailte Slachtmhara go mbíonn baint ghníomhach ag daoine óga san aoisghrúpa 16 go 24 chun cur ar bhonn leanúnach le gníomhaíochtaí Bailte Slachtmhara áitiúla a léiriú, lena n-áirítear ballraíocht, nó rannpháirtíocht dhíreach sna Grúpaí. Ba cheart tionscnaimh a bhfuil an grúpa ag tabhairt fúthu chun daoine ón aoisghrúpa sin a spreagadh le go mbeidh baint níos mó acu sa choiste a chur san áireamh. Bronnfar an gradam ar an nGrúpa Bailte Slachtmhara a raibh méadú ar rannpháirtíocht daoine ón aoisghrúpa 16 go 24 mar thoradh ar na tionscnaimh a thug siad fúthu, agus a raibh toradh dearfach orthu dá bharr don ghrúpa Bailte Slachtmhara agus don phobal níos leithne ag léiriú mar is féidir le daoine óga ról ceannaireachta gníomhach a bheith acu sa phobal. Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar **www.tidytowns.ie**

## DUAIS CHOMÓRTAS NA MBAILE SLACHTMHARA DO SCOILEANNA

### DUAISCHISTE DE €5,000

**Arna Urrú ag SuperValu**

SuperValu

Tá duais nua do bhunscoileanna á tionscnamh ag SuperValu ar a dtugtar Duais Chomórtas na mBaile Slachtmhara do Scoileanna.

Is mian linn go mbeadh tuiscint agus cleachtadh ag leanaí na hÉireann ar a gcuid bia féin a fhás agus go dtuigfí an tábhacht atá le bithéagsúlacht na háite a chaomhnú ionas go bhféadann siad féin éirí aníos i saol níos folláine. Tá SuperValu dá bhrí sin ag éileamh ar na Bunscoileanna go léir an dea-obair atá á dhéanamh acu chun feabhas a chur ar thimpeallacht na scoile agus an tseomra ranga a léiriú.

Roghnófar grúpa as gach ceann den cheithre réigiún don bhabhta ceannais agus bronnfar €1,000 ar gach grúpa díobh sin. Bronnfar €1,000 eile sa bhreis ar an méid sin ar bhuaiteoir an chomórtais náisiúnta.

## GRADAM TASCFÓRSA BRUSCAR GUMA

### DUAISCHISTE €8,000

**Urraithe ag an Tascfórsa Bruscar Guma (TBG) uathachais**

GUM LITTER TASK FORCE

Is comhthionscnamh é an Tascfhórsa um Bruscar Guma (TBG) idir earnáil na tionsclaíochta agus an rialtas chun feasacht a ardú ar fhadhb an bhruscair guma coganta agus chun athrú dearfach a spreagadh san iompraíocht maidir le diúscairt ghuma. Tríd an fheachtas náisiúnta, "Caith do ghuma coganta sa bhosca bruscair nuair atá tú críochnaithe", tá an TBG ag léiriú tábhacht na diúscartha freagraí agus tá siad ag tacú le forfheidhmiú níos láidre den fhíneáil €150.

A bhuí le hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag pobail ar fud na tíre, níl sa bhruscar guma ach 7.3% den bhruscar go náisiúnta – an céatadán is lú go dtí seo – agus 92% de dhaoine ag rá go bhfaigheann siad réidh lena nguma sa bhealach ceart.

Ba mhaith leis an TBG luach a saothair a thabhairt do ghrúpaí Bailte Slachtmhara atá ag reáchtáil tionscnaimh um fheasacht chomhshaoil, atá dírithe ar dheireadh a chur le bruscar guma coganta ina gceantair. Leis an ghradam seo, aithnítear pobail atá ag cruthú iompraíocht fhreagrach agus ag cur freagracht shóisialta chun cinn don ghlúin seo agus na glúnta amach romhainn.

Féach ar **www.gumlittertaskforce.ie** chun tuilleadh eolais a fháil

## AN PLEAN PAILNEORA UILE ÉIREANN - GRADAM PAILNEORA AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

**DUAISCHISTE €10,000**

**Urraithe ag Oifigí Oidhreachta agus Oifigí Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil ar fud na hÉireann i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Sonraí**

Féachann Gradam Pailneora an Údaráis Áitiúil le grúpaí Bailte Slachtmhara a spreagadh chun gníomhartha atá báúil do phailniú a chur i bhfeidhm ar fud bailte agus sráidbhailte mar chuid den chomórtas Bailte Slachtmhara. Tá beacha fiáine na hÉireann, ríthábhachtach do phailniú ár bplandaí, ár gcrann agus ár nglasraí ach tá na beacha ag dul i léig - an chúis atá leis sin ná go bhfuil laghdú tubaisteach déanta ar na limistéir ar féidir le beacha a nead a dhéanamh agus ar an mbia a chuirtear ar fáil dóibh faoin tír. Is é aidhm an ghradaim ná athrú a chur air sin trí ghrúpaí Bailte Slachtmhara a spreagadh bearta simplí atá báúil do phailneoirí a ghlacadh ina gceantair áitiúla féin.

Tacaíonn Gradam Pailneora an Údaráis Áitiúil leis an bPlean Pailneora Uile Éireann ag a bhfuil urraíocht ó Oifigí Oidhreachta & Oifigí Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil ar fud na hÉireann.

Bronnfar €1,000 i ngach ceann den cheithre réigiún sa chatagóir Sráidbhaile/Baile Beag agus sa chatagóir Baile Mór/Lárionad Uirbeach Mór. De na hocht iomaitheoir sa bhabhta ceannais, bronnfar €1,000 breise ar an mbuaiteoir náisiúnta foriomlán. Tá “Gradam don Iontráil Nua Is fearr” freisin ann lena bhfuil duais €1,000.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar **www.pollinators.ie**

## GRADAM NA NOILEÁN

**DUAISCHISTE €1,500**

**Urraithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobai**

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development

Bronntar Gradam na nOileán ar an dá iontrálaí is airde scór ar oileáin iad nach bhfuil ceangailte leis an mórthír le droichead, atá scoite gach lá ón mórthír de bharr na taoide, a bhfuil cónaí buan air agus nach bhfuil faoin úinéireacht phríobháideach.

## AN GRADAM UISCÍ AGUS POBAIL

**DUAISCHISTE €7,000**

**Urraithe ag Iascach Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann agus ag Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúile**

Tá mar aidhm leis an Ghradam Uiscí agus Pobal grúpaí pobail a spreagadh chun páirt níos mó a ghlacadh ina réimsí uisce áitiúla trí chabhrú lena n-oidhreacht nádúrtha áitiúil a chaomhnú agus a chur chun cinn, agus lánúsáid a bhaint astu. Tá sé ar oscailt d’aon ghrúpa pobail a bhfuil meas léirithe acu ar a dtimpeallacht uisce agus a n-oidhreacht uisce le linn 2025.

Seo roinnt samplaí de thionscnaimh um chaighdeán uisce: tacú le bithéagsúlacht agus oidhreacht uisce; slatiascaireacht a chur chun cinn; imeachtaí agus tionscnaimh um chothú feasachta; réitigh a thagann ón dúlra a chur chun cinn; réimsí uisce áitiúla a ghlanadh; áiseanna a uasghrádú.

Tá duaischiste €7,000 i gceist leis an Ghradam Uiscí agus Pobal, atá le roinnt idir an bhuaiteoir foriomlán, buaiteoirí réigiúnacha agus grúpaí réigiúnacha a tháinig sa dara háit.

Tá an Gradam Speisialta seo á urrú ag:

Iascach Intíre Éireann (IIÉ), atá freagrach as bainistiú earnálacha an iascaigh intíre agus slatiascaireachta mara.

Uiscebhealaí Éireann, atá freagrach as bainistiú na n-uiscebhealaí inseolta intíre.

Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ), a oibríonn i gcomhar le pobail chun tacú leo agus iad ag glacadh páirt i gcaomhnú réimsí uisce áitiúla.

Féach ar **www.lawaters.ie** chun tuilleadh eolais a fháil

SuperValu Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

## AN GRADAM GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE

**DUAISCHISTE: €6,000**

**Urraithe ag an Rooinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil**

An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
Department of Climate, Energy and the Environment

Is é aidhm fhoriomlán an ghradaim seo an tionchar atá in ann a bheith ag pobail áitiúla a aithint agus iad ag tabhairt faoi athrú aeráide. Tá sé mar aidhm ag an ngradam seo ceiliúradh a dhéanamh ar phobail atá i ndiaidh gníomhú ar son na haeráide, ar fheasacht a mhúscailt taobh istigh dá bpobail féin agus ar an gcomhoibriú chun teacht ar réitigh do ghníomhú ar son na haeráide le chéile.

## GRADAM NÁ FÁG AON NÍ I DO DHIAIDH NA MBAILTE SLACHTMHARA

**DUAISCHISTE €1,100**
**– €1,000 in éineacht le hoiliúnaí de chuid Ná Fág Lorg ar feadh lá amháin chun cúrsa nó ceardlann Feasachta, rochtain ar Acmhainní Ná Fág Lorg ar líne, agus cur chun cinn ar fud na meán sóisialta a chur ar fáil.**

**Urraithe ag Leave No Trace IrelandGradam Ná Fág RianDuais**

Leave No Trace Ireland

Agus é ar an seachtú bliain dá bheith á reáchtáil, is le Gradam Speisialta Ná Fág Lorg na mBailte Slachtmhara a thugtar aitheantas do phobail as ucht a gcuid iarrachtaí suntasacha i ndáil leis an timpeallacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú agus freagracht amuigh faoin aer a chur chun cinn. Trí aitheantas a thabhairt do na pobail seo, tá Ná Fág Lorg Éireann ag féachaint le pobail eile a spreagadh bearta éachtacha a dhéanamh chun áineas amuigh faoin aer a chosaint agus a chur chun cinn. Déan iarratas inniu agus inis dúinn faoin méid atá bainte amach ag do ghrúpa.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach **www.leavenotraceireland.org**

## GRADAM LÁR BAILTE AR DTÚS

**DUAISCHISTE €5,000**

**Arna urrú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Gaeltachta**

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Commun Development and the Gaeltacht

Is polasaí tras-rialtais é an Polasaí Lár Bailte ar dTús (LBT) a seoladh i mí Feabhra 2021, agus a bhfuil sé mar aidhm leis láir bhailte a chruthú a fheidhmíonn mar láithreacha inmharthana, bríomhara agus tarraingteacha do dhaoine le maireachtáil iontu, oibriú iontu agus cuairt a thabhairt orthu, le linn dóibh feidhmiú mar mhol seirbhísí, sóisialta, cultúrtha agus áineasa do phobal na háite ag an am céanna freisin. Aithníonn LBT go bhfuil tréithe ar leith ag baint le gach aon bhaile maidir leis na dúshláin, riachtanais agus deiseanna a bhaineann leis, agus is le LBT a leagtar an dúshraith do gach aon bhaile lena bhealach pleanáilte féin chun cinn a fhorbairt ag leibhéal na háite. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar **gov.ie – Lár Bailte ar dTús**

Leis an nGradam LBT, atá urraithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an Gaeltachta, aithnítear na hiarrachtaí eiseamláireacha a dhéantar i mbailte chun athnuachan agus athbheochan lár an bhaile a chur chun cinn i gcomhréir leis an bpolasaí agus tugtar aitheantas don ról lárnach atá ag grúpaí na mBailte Slachtmhara i ndáil le forbairt inbhuanaithe a bpobal agus láir bhailte a fheabhsú.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach **www.tidytowns.ie** nó **www.towncentrefirst.ie**

## GRADAM NA GAELTACHTA

### DUAISCHISTE €2,500

**Urraithe ag an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta**

Bronntar Gradam na Gaeltachta ar an dá iontrálaí is airde scór ó cheantar Gaeltachta. Ní mór na Foirmeacha Iarratais a chomhlánú i nGaeilge.

## SUPERVALU GRADAM POBAIL CUIMSITHEACH

### DUAISCHISTE €2,000

**Urraithe le SuperValu**

Ag SuperValu, creidimid go dtógtar pobail iontacha nuair a chuirtear gach duine san áireamh.

Tá rud éigin luachmhar le cur ag daoine de gach aois, cúlra agus cumas chun áiteanna níos fearr a dhéanamh dár bpobail le maireachtáil, le hobair agus le himirt iontu.

Ceiliúrann an gradam seo coistí Bailte Slachtmhara atá ag tiomáint athrú dearfach trí chuimsiú a chur chun cinn agus a chumasú, agus fáilte a chur roimh gach ball dá bpobal agus tacú leo.

Bronnfar duais €2,000 ar an gcoiste Bailte Slachtmhara is fearr a léiríonn conas atá siad tar éis cuimsiú a chur chun cinn trí thionscadail agus tionscnaimh bhríocha, chuimsitheacha.

Is féidir samplaí de seo a bheith ó imeachtaí aonuaire, gníomhaíochtaí, cumarsáid nó athruithe a rinneadh ar a bpobal.

Le haghaidh tuileadh sonraí féach ar **www.supervalu.ie**

**Dáta deiridh 8ú Meitheamh 2026**

## GRADAM EACNAMAÍOCHTA CIORLÁN EPA

### DUAISCHISTE €3,500

**Urraithe le The Environmental Protection Agency**

Tá sé mar aidhm ag an ngradam seo aitheantas a thabhairt do phobail a thug faoi ghníomhaíochtaí anuraidh a thacaigh le luachanna an Gheilleagair Chiorclaigh agus a chur chun cinn iad. I ngeilleagar ciorclach, tá meas againn ar acmhainní agus ar tháirgí agus féachaimid gan iad a chur amú agus iad a choinneáil in úsáid níos faide. Is gníomhaíochtaí geilleagair chiorclaigh iad athúsáid, deisiú, roinnt táirgí agus cosc ar dhramhaíl (m.sh cosc ar chur amú bia, plaisteach nó cosc ar chur amú pacáistiú eile) agus d'fhéadfadh sé gur thacaigh do phobal leis na gníomhaíochtaí seo. Cuirfear fáilte roimh thionscnaimh feasachta a chuirfidh daoine ar an eolas faoin ngeilleagar ciorclach nó a thacaíonn le gnólachtaí ciorclacha taobh istigh de do phobal. D'fhéadfadh obair a dhéantar faoin bpríomhchatagóir 'Inmharthanacht – Mórán ar an mbeagán' a bheith ábhartha don ghradam speisialta seo. Tríd na pobail seo a aithint, tá súil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil feasacht ar shamplaí praiticiúla de ghníomhaíochtaí geilleagair chiorclaigh atá i bhfeidhm inár bpobail, a spreagadh agus a mhéadú.

Bronnfar duais €1,000 ar an mbuaiteoir náisiúnta foriomlán, duais €800 a bhronnfar ar an dara háit, duais €700 ar an tríú háit agus dhá dhuais thánaisteacha €500.

Le haghaidh tuilleadh sonraí seol ríomhphost le do thoil **cep@epa.ie**

## GRADAM THIONSCADAL NA GCRANN

**DUAISCHISTE €1,000**

**Urraithe ag Comhairle Crann na Éireann**

Tionscnamh is ea Gradam Thionscadal na gCrann lena gcuirtear luach ar an tionchar dearfach a bhíonn ag crainn ar an gcomhthimpeallacht fhoriomlán i mbaile nó sráidbhaile. Ní hamháin go leagtar béim ar chrainn a chur i dtosach báire, ach leagtar béim freisin ar chrainn a chothabháil agus a bhunú ar feadh a saolré. Leis an ngradam seo, tugtar aitheantas do Choiste na mBailte Slachtmhara, ar trína gcuid oibre crua a cothaíodh atmaisféar uirbeach coillearnaí laistigh dá bpobal féin. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an tionscadal a dhíriú ar sheanchrainn agus crainn sheanbhunaithe a chaomhnú, trí aitheantas a thabhairt don tábhacht nádúrtha, staire, chultúir, luibheolaíochta nó tírdhreacha a bhaineann leo. Déanfar méid agus raon an tionscadail faoina dtugtar, mar aon leis na buntáistí inbhraite a bhaineann leis an tionscadal don phobal, a mheas go cúramach. Chun iarratais a dhéanamh ar an ngradam, bain úsáid as an bhfoirm iarratais maidir le Duais Thionscnamh na gCrann agus cuir ar a laghad ceithre íomhá leis an bhfoirm ina léirítear an bhail a bhí ar an áit sular cuireadh an tionscadal i gcrích agus an bhail atá ar an áit ina dhiaidh. Feidhmeoidh na híomhánna mar fhianaise amhairc maidir leis an tionchar agus claochlú a bhí i gceist leis an tionscadal.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig: **www.treecouncil.ie/supervalu-tree-project-award**

## GRADAM POBAIL NÉALTRÚ-CHUIMSITHEACH

**DUAISCHISTE €5,000**

**Pobal Cuimsitheach Néaltrotha**

Arna urrú ag Seirbhísí Náisiúnta Néaltraithe, Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Is é aidhm fheachtas Néaltrú: Tuiscint le Chéile ná muintir ár bpobal a spreagadh chun daoine a bhfuil néaltrú orthu a thabhairt isteach, agus tacú leo.

Tá mar aidhm leis an ghradam seo aitheantas a thabhairt do choistí Bailte Slachtmhara a bhfuil athruithe dearfacha á ndéanamh acu ina bpobail chun cuimsitheacht a chur chun cinn agus a éascú dóibh siúd le néaltrú. D'fhéadfadh gníomhartha go leor a bheith san áireamh leis sin, cosúil le cothú feasachta don néaltrú, daoine le néaltrú agus a dteaghlaigh agus cúramóirí a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí pobail, spásanna fisiciúla a chruthú ar a bhfuil rochtain ag cách, nó spásanna lasmuigh a fhorbairt ina spreagtar na céadfaí nó atá ina n-áiteanna maithe don mhachnamh faoin am atá thart.

Duais

Bronnfar duais €2,000 ar bhuaiteoir agus duais €500 ar an dara háit ar Choistí Bailte Slachtmhara i mbaile mór/lárionad uirbeach.

Bronnfar duais €2,000 ar bhuaiteoir agus duais €500 ar an dara háit ar Choistí Bailte Slachtmhara i sráidbhaile/baile beag.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a chur chuig **understandtogether@hse.ie**

## THE 'DARK SKY IRELAND' SPECIAL AWARD

**PRIZE FUND €3,000**

**Sponsored by Dark Sky Ireland**

Is í sprioc fhoriomlán na duaise ná aitheantas a thabhairt do ghníomhartha praiticiúla faoi stiúir an phobail chun truailliú solais a laghdú agus spéartha dorcha a chosaint. Is é cuspóir na duaise ná ceiliúradh a dhéanamh ar phobail a rinne obair, a d'ardaigh feasacht laistigh dá bpobail agus a d'oibrigh le chéile ar fud a bpobal agus le pobail eile chun réitigh a chomhchruthú lena gcosnaítear spéartha dorcha san oíche. Bronnfar duais fhoriomlán amháin €1,000 ar Choiste Bailte Slachtmhara as a thionchar agus as fiúntas a thionscadail. Bronnfar dhá dhuais €750 ar dhá Choiste Bailte Slachtmhara freisin; ceann ó chatagóirí Baile Mór/Lárionad Uirbeach Mór agus ceann ó chatagóirí Sráidbhaile/Baile Beag.

Bronnfar dhá dhuais 'ardmholta' €250 freisin. Ba cheart iarratais chomhlíonta a chur trí ríomhphost chuig competition@darksky.ie

Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a chur chuig: **info@darksky.ie/www.darksky.ie**







SuperValu
# Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

## Leabhrán Eolais
## 2026





Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
SDG CHAMPION
SuperValu